C/2026/4383

12.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12515 — EEP / ARA PARTNERS / STONEPEAK / ANWIM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4383)

1. An 4 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Energy Equation Partners Limited ('EEP', Geirsí),

— Ara Partners Group LLC ('Ara Partners', na Stáit Aontaithe),

— Stonepeak Partners LP (in éineacht lena chleamhnaithe, 'Stonepeak', na Stáit Aontaithe),

— Anwim S.A. ('Anwim', an Pholainn), faoi rialú Enterprise Investors Corporation ('Enterprise Investors', an Pholainn).

Gheobhaidh EEP, Ara Partners agus Stonepeak rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Anwim ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta speisialaithe fuinnimh é EEP a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní sna hearnálacha fuinnimh agus bonneagair gaolmhara agus iad a bhainistiú,

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh agus bonneagair é Ara Partners a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíochtaí dícharbónaithe tionsclaíocha i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is gnólacht infheistíochta malartach domhanda é Stonepeak agus tá speisialtóireacht aige i mbonneagar agus i sócmhainní réadacha,

— Tá Anwim gníomhach i miondíol agus mórdhíol gnó breosla agus neamhbhreosla sa Pholainn agus déanann sé a phríomhghníomhaíochtaí oibriúcháin trína líonra stáisiún breosla faoin mbranda 'MOYA'. Lasmuigh den Pholainn, tá gníomhaíochtaí teoranta ag Anwim a bhaineann go príomha le flítchártaí a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12515 — EEP / ARA PARTNERS / STONEPEAK / ANWIM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË